

Oideachas sa Ghaeilge

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bhForas Pátrúnachta. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?



Minister for Education	_____
survey	_____
as a result of	_____
investigation	_____
Language Commissioner	_____
statutory duties	_____
demand	_____
significant minority	_____
the gap	_____
extremely important	_____
spokesperson	_____
accommodate, factor in	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus breac síos an oiread eolais agus is féidir leat faoin gcóras nua pátrúnachta.

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3

Freagair na ceisteanna seo anois.

1. Cen fáth ar luadh na dátaí agus na hamanna seo – Meán Fómhair, mí an Mhárta, meán oíche, anuraidh?
2. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo – 12, 8, 4.7% agus 23%?

Ceist 4

‘...faoi dheireadh mhí an Mhárta...’

An féidir leat gach séimhiú a mhíniú sa sampla thuas?

Scríobh amach míonna na bliana agus cuir an focal ‘mí’ roimh gach mí.

Ceist 5 ‘...ocht gcinn...’

Tá ainmfhocail áirithe ann a bhfuil leagan faoi leith acu i ndiaidh na mbunuihmreacha. Seo iad thíos. Cuir an leagan ceart de gach ainmfhocal sna bearnaí. Tá an chéad *cheann* déanta duit!

	2	3-6	7-10
ceann	cheann	cinn	gcinn
bliain			
seachtain			
fiche			
uair			

Ceist 6 Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Breacaigí síos na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bunscoil lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Minister for Education	<i>Aire Oideachais</i>
survey	<i>suirbhé</i>
as a result of	<i>mar thoradh ar</i>
investigation	<i>imscrúdú</i>
Language Commissioner	<i>Coimisinéir Teanga</i>
statutory duties	<i>dualgais reachtúla</i>
demand	<i>éileamh</i>
significant minority	<i>mionlach suntasach</i>
the gap	<i>an bhearna</i>
extremely important	<i>fíorthábhachtach</i>
spokesperson	<i>urlabhraí</i>
accommodate, factor in	<i>cuir san áireamh</i>

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

faoi dheireadh mhí an Mhárta: Tá séimhiú ar 'deireadh' mar leanann sé an réamhfhocail simplí **faoi**. Tá séimhiú ar 'Márta' mar is é an tuiséal ginideach, uatha atá i gceist tar éis an fhocail 'mí'.

Tá 'deireadh na míosa' ceart agus tá 'mí an Mhárta' ceart. ACH, nuair a thagann ainmfhocail cinnte sa ghinideach tar éis ainmfhocail eile atá faoi réir focail a leanann an ginideach é, séimhítear an t-ainmfhocail sin agus fágtar é gan infhillleadh.

mí Eanáir
mí Feabhra
mí an Mhárta
mí Aibreáin
mí na Bealtaine
mí an Mheithimh
mí Iúil
mí Lúnasa
mí Mheán Fómhair
mí Dheireadh Fómhair
mí na Samhna
mí na Nollag

Ceist 5

	2	3-6	7-10
ceann	cheann	cinn	gcinn
bliain	bhliain	bliana	mbliana
seachtain	sheachtain	seachtaine	seachtaine
fiche	fhichead	fichid	bhfichid
uair	uair	huaire	n-uaire

Ceist 6

Is féidir díospóireacht ranga a dhéanamh leis an ngníomhaíocht seo.

Eibhlín Ní Choistealbha

Is faoi dheireadh mhí an Mhárta a fhógróidh an tAire Oideachais pátrúin do dhá bhunscoil déag nua atá le bunú i mí Mheán Fómhair. Meán oíche anocht an sprioc atá ag tuismitheoirí chun páirt a ghlacadh i suirbhé bainteach le bunú na scoileanna.

Peadar Mac Gaoithín

Tá iarratas déanta ag an Fhoras Pátrúnachta le bheith mar phátrún ar gach ceann den trí bhunscoil déag úr atá le hoscailt i Mí Mheán Fómhair seo.

I mBaile Átha Cliath a bheidh ocht gcinn díobh, mar thoradh ar imscrúdú a rinne an Coimisinéir Teanga anuraidh inar dúradh nach raibh dualgais¹ reachtúla san Acht Oideachais maidir leis an Ghaeilge á gcomhlíonadh ag an Roinn Oideachais. Thug an Roinn le fios go gcuirfí béim níos mó ar an éileamh ar scoileanna lán-Ghaeilge nuair a bheadh scoileanna² úra á mbunú.

Faoin chóras úr, ní gá gur ag an Phátrún atá ag lorg scoil Ghaeilge a bheadh an líon is mó léirithe spéise agus bhunófaí dhá scoil - scoil Bhéarla agus scoil Ghaeilge - sa chás go gcruthófaí go raibh éileamh i measc mionlach suntasach tuismitheoirí ar oideachas lán-Ghaeilge.

Cormac McCashin, Foras Pátrúnachta

Faraor, níl ach 4.7% de scoileanna na tíre seo ina nGaelscoileanna agus tá éileamh léirithe ag an ESRI (Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta)³ de 23%.

Mura n-éireoidh linn an bhearna sin a líonadh ó thaobh an tsoláthair i gcomparáid leis an éileamh, ní bheidh tuismitheoirí in ann teacht ar oideachas lán-Ghaeilge dá bpaistí.

Peadar Mac Gaoithín

Mar chuid den phróiseas, tugadh cuireadh do thuismitheoirí páirt a ghlacadh i suirbhé ar shuíomh lárnach na Roinne Oideachais, agus vóta a chaitheamh faoi cé acu ar mhaith leo oideachas lán-Ghaeilge nó oideachas trí mheán an Bhéarla dá bpaistí, chomh maith lena rogha pátrúin. Meán oíche anocht an sprioc le páirt a ghlacadh sa suirbhé.

Cormac McCashin, Foras Pátrúnachta

Tá sé fíorthábhachtach go gcaithfidh tuismitheoirí vóta roimh dheireadh na hoíche anocht. Is mian linn nuair a bheidh éileamh léirithe in aon cheantar sa tír don oideachas lán-Ghaeilge go ndéanfaí freastal air sin.

Peadar Mac Gaoithín

Thug urlabhraí de chuid an Aire Oideachais le fios tráthnóna gur faoi dheireadh mhí an Mhárta a fhógróidh an tAire pátrúin na scoileanna úra. Dheimhnigh sé go gcuirfear éileamh mionlach suntasach tuismitheoirí ar mhaith leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpaistí san áireamh. Agus na pátrúin á bhfógairt ar bhonn cás ar chás, ag an Aire.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

¹ *dualgaisí* a dúradh

² *scoilteacha* a dúradh

³ Economic and Social Research Institute